**An Seanduine Dóite**

Curfá: Órú, a sheanduine, a sheanduine dhóite,
Órú, a sheanduine, is mairg a phós tú,
Órú, a sheanduine, a sheanduine dhóite,
Luigh ar do leabaidh agus codlaigh do dhóthain

Chuir mé mo sheanduine go sráid Bhaile an Róba,
Coc ina hata agus búclaí ina bhróga,
Bhí triúr á mhealladh is bhí ceathrar á phógadh,
Is chuala mé i nGaillimh go rachadh sé leofa.

Órú, a sheanduine, a sheanduine dhóite,
Órú, a sheanduine, is mairg a phós tú,
Órú, a sheanduine, a sheanduine dhóite,
Luigh ar do leabaidh agus codlaigh do dhóthain

Dá bhfaighinnse mo sheanduine báite i bpoll móineadh,
Cos a bheith briste is a lámh a bheith leonta,
Oh, Bhéarfainn 'na bhaile é agus chuirfinn faoi chóir é,
Agus shiúlfainn amach leis na buachaillí óga.

Órú, a sheanduine, a sheanduine dhóite,
Órú, a sheanduine, is mairg a phós tú,
Órú, a sheanduine, a sheanduine dhóite,
Luigh ar do leabaidh agus codlaigh do dhóthain

Oh, Dá bhfeicfeis an seanduine ar uair an mheán oíche,
Cos ar an bhac, is é ag deargadh an phíopa,
Ba chosúil le slat mara a dhá lorga chaola,
Is mura ndéanfadh sé ansin é, cha dhéanfadh sé choíche

Órú, a sheanduine, a sheanduine dhóite,
Órú, a sheanduine, is mairg a phós tú,
Órú, a sheanduine, a sheanduine dhóite,
Luigh ar do leabaidh agus codlaigh do dhóthain

Le tacaíocht ó

the arts council / an chomhairle ealaíon — ciste na healaíona traidisiúnta — artscouncil.ie

An Góilín

Dá bhfaigheadh an seanduine an ní a ba chóir dó,
Leabaí chois tinneadh is prátaí rósta
Naoi n-uibhe circe a bheith bruite sa ghríosaí
Bhainfeadh sé meadhar as cailíní óga.

Órú, a sheanduine, a sheanduine dhóite,
Órú, a sheanduine, is mairg a phós tú,
Órú, a sheanduine, a sheanduine dhóite,
Luigh ar do leabaidh agus codlaigh do dhóthain.

*Darren Ó Dubhgáin a rinne an cheardlann seo.*

Le tacaíocht ó

the arts council / an chomhairle ealaíon
ciste na healaíona traidisiúnta
artscouncil.ie

An Góilín